

M'oidreachas féin agus ról criticiúil na scoileanna i dtodhchaí na Gaeltachta

Rónán Mac Con Iomaire
Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Údarás na Gaeltachta

Is minic go gcloiseann tú daoine ag caint go bródúil faoin ollscoil ar a fhreastal siad. Faoina *n-alma mater*, faoi na léachtóirí a bhí acu, na clubanna ina raibh siad páirteach, an dílseacht agus an ómós sin don *alma mater*.

D'fhreastail mise ar ollscoil i mBaile Átha Cliath, ach ní fhaca mé riamh gurb í an ollscoil sin *m'alma mater*. Domsa, b'í sin i gcónaí Scoil Chuimsitheach Chiaráin, an áit ina bhfuil muid anseo ar an gCeathrú Rua. Airím ceangal leis an scoil nach n-airím le haon institiúid oideachais eile ar a fhreastal mé. D'fhreastail mo dheirfiúr agus mo dheartháir ar an scoil seo, d'fhreastail mo mháthair agus m'athair ar an scoil seo, agus is gearr go mbeidh mo chlann féin ag teacht anuas an bóthar anseo ón mbunscoil áitiúil, Scoil Mhic Dara. Tá aithne agam ar na múinteoirí ón gceantar a bhí agam féin, a bhí ag mo thuismitheoirí fiú, agus go bhfoire Dia orainn, na múinteoirí nua atá cuid mhaith níos óige ná mé féin anois!

Ach ta níos mó i gceist le Scoil Chuimsitheach Chiaráin ná an dlúth-cheangal sin a fheiceann tú i scoileanna tuaithe idir pobal agus oideachas, idir glúnta agus oideachas. Is scoil Ghaeltachta í an scoil seo, agus is rud éagsúil é sin, ó thaobh eispéiris de, ó thaobh oideachais de, agus ó thaobh féiniúlachta de.

I dtosach báire, níorbh fholáir dúinn a bheith soiléir nach ionann Gaeltacht agus Gaeilge agus dá réir, nach ionann scoil Ghaeltachta agus scoil Ghaeilge. Tá an Ghaeilge lárnach i bhféiniúlacht na Gaeltachta, ach níl inti ach snáth amháin sa bhféiniúlacht sin, seachas an phluid ar fad. Tá níos mó ná Gaeilge i bhféiniúlacht na Gaeltachta, féiniúlacht a eascraíonn as stair a choinnigh teanga beo sa phobal gan briseadh thar 2,500 bliain. Taobh istigh d'fhéiniúlacht na Gaeltachta, tá an Ghaeilge lárnach. Ach is iomaí snáithín eile sa phluid féiniúlachta seo. Tá a damhsa féin ag an nGaeltacht a mhair nuair nár mhair in aon áit eile sa tír. Tá a cuid báid seoil féin aici nach maireann aon áit eile sa tír. Tá a stíl amhránaíochta sean-nós féin aici. Tá báid iomraimh agus cultúr rásaíochta aici nach bhfuil in aon áit eile ar an gcósta ach i gceantair Ghaeltachta. Tá ealaíne béil ar nós lúibíní agus agallaimh beirte a mhaireann sa Ghaeltacht nach bhfuil a comhionann aon áit eile in Éirinn.

Ní haon comhtharlúint é seo. Tá féiniúlacht na Gaeltachta agus a bhfuil ceangailte suas inti ag dul siar sa stair gan aon bhriseadh sa teanga, agus gan briseadh sa chultúr timpeall uirthi dá réir. Agus, dá réir, nuair atá muid ag caint ar an tábhacht a bhaineann le neartú na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá muid ag caint ar neartú na Gaeltachta féin, agus sin é an fáth go bhfuil an obair atá ar bun ag an gCoiste Comhairleach seo, agus tionchar an Pholasáí Oideachais don Ghaeltacht chomh tábhachtach don scoil seo, don phobal seo agus don cheantar Gaeltachta seo.

Maidir le m'am féin sa scoil seo, bhí an t-ádh orm go raibh a fhios agam ó bhí mé i mo leaid óg céard a bhí uaim a dhéanamh, cé go bhfuil mé imithe treo eile ó shin. Ní raibh riamh uaim bheith i mo

Gharda, i mo shaighdiúir, i mo fhear dóiteáin. Ní raibh uaim ach bheith i mo iriseoir. Agus mar atá a fhios agaibh, is iomaí duine atá tagtha tríd an scoil seo atá imithe leis na meáin. Agus ní chomhtharlúint é sin ach an oiread.

Go pearsanta, d'fhorbair mé mo fhéiniúlacht Ghaeltachta agus mo fhéiniúlacht phearsanta sa scoil seo. Scoil láidir a bhí, agus atá inti seo ó thaobh spóirt de, agus in ainneoin nach raibh mórán bua spóirt agam féin, ní raibh mé gann ar dheiseanna mé féin a chur in iúl i Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Tugadh an deis i gcónaí dúinn ár gcuid cruthaíochta agus tuairimíochta a chur in iúl, más trí chlubanna éiceolaíochta a bhunú i bhfad roimh aon Green Wave, más trí bannaí ceoil ag casadh droch-phop cheol Gaelach é, más ag scríobh agus ag aisteoireacht inár gcuid drámaí féin, nó más ag tabhairt faoi lúibíní agus agallaimh beirte ón gcéad bhliain tríd go dtí an Ardeist.

Ach, agus mé ag trácht ar fhéiniúlacht na Gaeltachta roimhe seo, caithfidh mé a mheabhrú nach dearfach ar fad atá sa bhféiniúlacht sin. Tá easnaimh sa bhféiniúlacht, ach bhí muid in áit mhaith sa scoil seo chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin. Feictear dom go bhfuil an ganntanas agus bochtaineacht stairiúil a aithnítear leis an gceantar seo agus leis an nGaeilge le sonrú ionainn mar dhaoine go dtí an lá atá inniu ann, agus é le sonrú i bhfoirm easpa misní. I mo chuid laethanta mar iriseoir le Nuacht TG4, thabharfainn faoi deara, mar shampla, go raibh i bhfad níos mó drogall ar mhuintir Chonamara dul os comhair ceamara ná mar a bhí ag dream ó thaobh amuigh den Ghaeltacht, in ainneoin cur i láthair i bhfad níos líofa agus níos nádúrtha acu ó thaobh na Gaeilge de.

Ach ón am gur bunaíodh an scoil seo go dtí an lá atá inniu ann, bhí gné amháin láidir ag baint léi a lig cead dúinn ár bhféiniúlacht Ghaeltachta a chur in iúl agus a thug an mhisneach dúinn glór a fhorbairt a sheas dúinn nuair a d'fhág muid na seomraí ranga inár ndiaidh. Sin í an díospóireacht. Mar a tharlaíonn, bhí mo mháthair ar an gcéad fhoireann díospóireachta riamh ón scoil seo a bhuaigh Craobh na hÉireann i 1972, agus aon uair go raibh sé de dhícheille orm agus mé ag éirí aníos dul i mbun argóna léithe, ní raibh sé i bhfad sular thuig mé cén fáth gur bhain sise Craobh na hÉireann amach agus nach ndeachaigh mise níos faide ná Craobh Chonnachta!

Go dtí an lá atá inniu ann, tá daltaí Scoil Chuimsitheach Chiaráin dhá gcur féin in iúl i bhfoirm argóna agus bréagnaithe, agus nuair a bhreathnaím ar an liosta le háireamh d-iar dhaltaí na scoile seo atá nó a bhí i mbarr réime sna meáin Ghaeilge agus Béarla, ní haon timpiste sin.

Tá cultúr cur i láthair forbartha ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin i gceantar nach í an fhéin-mhuinín sin is nádúrtha a thagann chugainn. Agus as sin, feictear dom nuair a bhreathnaím siar, tá glúin ceannairí tagtha chun cinn, más i ngnó príobháideach nó sa tseirbhís poiblí, ó bunaíodh an scoil seo i 1966. Sa seomra seo ina bhfuil muid inniu fiú, tá an cheannaireacht atá á cur ar fáil ag iar-dhaltaí na scoile seo in earnáil an oideachais le feiceáil.

Maidir liom féin, tá mé in ann rud ar bith atá bainte amach agam féin i mo shaol ó d'fhág mé Scoil Chuimsitheach Chiaráin a cheangal siar go dtí mo chuid ama anseo. Is i mBéarla a bhí mo chéad phost, iriseoir le *Independent Newspapers*, agus cé go raibh mé ullmhaithe go maith chuige sin ag mo chuid ollscolaíochta, is bréagnú láidir a bhí sa ról sin ar aon tuairim go bhfuil duine a thógtar le Gaeilge, nó a théann tríd oideachas lán-Ghaeilge, faoi mí-bhuntaíste i ndomhan an Bhéarla, go háirithe nuair a thugann tú san áireamh gur beag post amuigh ansin a d'fhéadfadh bheith níos bunaithe ar theanga ná iriseoireacht chlóite Béarla.

I chuile ról ina dhiaidh sin, más ag iriseoireacht, scríbhneoireacht, craoltóireacht, bainistíocht, is féidir liom fréamhacha na scileanna agus na féiniúlachta do na rólanna sin a leanacht ar ais go dtí mo chuid oideachais anseo.

Agus murach an scoil agus an t-oideachas sin, seans nach mbeinn sa ról ina bhfuil mé anois agus nach mbeadh sé de phribhléid agam bheith ag labhairt libh inniu. Deirim pribhléid mar go bhfeicim go bhfuil tábhacht ag baint leis an bpolasaí ar bhealach, b'fhéidir, nach dtuigfinn ach go bhfuil clann orm féin sa chóras oideachais Ghaeltachta faoi láthair. Tá an stair fhada gan briseadh mar chroí-lár féiniúlacht na Gaeltachta, ach má bhriseann an Ghaeilge idir dhá ghlúin, tá an fhéiniúlacht agus an teanga léi réidh.

I gcás mo chlann féin, is Gaeilge ar ndóigh a bhí acu beirt i naíonán bheaga sa scoil in aice lámhe linn, agus is Gaeilge a bhí ag formhór dá gcuid cairde. Agus cé go ndeachaigh siad tríd naíonán bheaga bliain i ndiaidh a chéile, bhí sé suimiúil, cé gur beag difríocht a bhí i gcur chuige na múinteoirí a bhí acu, gur fhág difríocht beag amháin difir ó thaobh iompar teanga i measc a cuid cairde. Gaeilge i gcónaí a bhí mar theanga an ranga ag an mbeirt, ach bhí cur chuige múinteoir amháin beagán níos *laissez faire* ó thaobh na Gaeilge mar theanga sóisialta i measc daltaí an ranga ná mar a bhí ag an múinteoir eile. Sé sin, bhí mac amháin agam a raibh múinteoir aige a bhí géar ó thaobh úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí taobh amuigh d'ábhar ranga, agus an mac eile le múinteoir nach raibh chomh dian céanna. Agus is é a thoradh sin, spéisiúil go leor, agus é roinnt mhaith blianta anois ó chuaigh siad tríd naíonán bheaga, go bhfuil meascán de Ghaeilge agus Béarla mar theanga shóisialta ag na buachaillí i rang amháin, agus gur Gaeilge mórán ar fad mar theanga shóisialta ag na buachaillí sa rangbhliain taobh thiar dóibh.

Domsa, níl aon léiriú níos soiléire ar an tábhacht a bhaineann leis an bpolasaí oideachas don Ghaeltacht agus anois agus go bhfuil sé d'ádh orm bheith freagrach as an bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht, feicim an luach leis an obair seo ag an gcóras oideachais, agus muid ag breathnú ar bhealaí gur féidir linn tacú agus tógáil air.

Ceann de na rudaí atá ar bun agamsa i mo chuid oibre, ná breathnú ar an nGaeltacht agus ar an nGaeilge ó thaobh feidhm margaidh de, agus breathnú ar cén chaoi gur féidir dul i bhfeidhm ar phobal na Gaeltachta ó thaobh na teanga de, sa gcaoi gurb é cinneadh an phobail í an Ghaeilge a labhairt, seachas an Stát-chóras ag rá leo í a labhairt.

Ag breathnú air seo ó thaobh feidhm margaidh de, ritheann sé liom gurb é an aoisghrúpa, 13-15, an spriocghrúpa sa gcineál seo cur chuige ar chúiseanna éagsúla. Go bunúsach, ta muid ag trácht ar na daltaí a thagann isteach sa scoil seo sa chéad bhliain, iad ag teacht ó bhunscoileanna éagsúla as seo go Camus agus siar ceantar na nOileán. Cén fáth, má tá aois ghrúpa amháin gur fearr díriú orthu, gurb iad seo iad?

Bhuel, tá gasúir Ghaeltachta idir haon agus cúig ag labhairt Ghaeilge sa bhaile má tá an cinneadh tógtha ag a gcuid tuismitheoirí iad a thógáil trí Ghaeilge (ceist gearthéarmach eile iad na tuismitheoirí, fócas ar na gasúir idir 13 agus 15 an leigheas fadtéarmach).

Labhróidh gasúir idir 5 agus 10 Gaeilge lena chéile i bhfianaise infrastruchúr an chórais oideachais agus an polasaí nua oideachas Gaeltachta.

Tosaíonn gasúir idir 10 agus 12 ar an mBéarla, iad ag cloisteáil na gasúir níos sine á labhairt, agus iad ag tógáil a seasamh féin i gcoinne tuismitheoirí agus an saol don chéad uair.

Tá na gasúir idir 13 agus 15 ag pointe tábhachtach dá gcuid saol, ag bualadh le cairde nua sa mheánscoil, ag forbairt a gcuid féiniúlachta, ag bunú teanga cumarsáide lena gcuid cairde nua. Más Béarla ansin é, is minic gur Béarla go deo é.

Agus bíonn an pátrún sin bunaithe don aois-ghrúpa 15-18.

Anois, tá 18-21 spéisiúil mar aoisghrúpa. Mura bhfágann siad an Ghaeltacht agus má tá an nósmaireacht bunaithe acu Béarla a labhairt lena gcuid cairde, leanfaidh siad leis sin, agus an tionchar sin ar a gclann, an chéad ghlúin eile, dá réir, mura mbíonn briseadh sa bpátrún. Ach tá sé spéisiúil, maidir le daltaí a théann ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal agus a labhairt Béarla lena gcuid cairde sa mheánscoil, go dtugann siad faoi deara go tobann agus iad i measc cúpla míle duine eile comhaoiseach leo, go bhfuil féiniúlacht acu gur féidir leo tarraingt air, nár thug siad faoi deara cheana, b'fhéidir, mar nár theastaigh sé, agus filleann siad ar Ghaeilge a labhairt lena gcuid cairde Gaeltachta.

Seo hiad na daoine céanna a fheicim atá ar ais anois ina gcónaí ar an gCeathrú Rua, a tógadh le Béarla fiú, ach atá ag tógáil a gclann féin le Gaeilge, mar go bhfeiceann siad luach leis. Luach féiniúlachta, luach eacnamaíoch, luach cultúrtha, luach fostaíochta.

Mar phobal Gaeltachta, tá cáil orainn mar dhaoine as amhráin, báid, ceol, damhsa. Ach leis an obair atá ar bun agaibhse agus againn in Údarás na Gaeltachta, ag cothú bróid agus misnigh inár dteanga agus inár gcultúr dá réir, beidh aithne orainn, ní mar dhaoine ar lag-mhisneach, ach mar cheannairí dá-theangacha, mar eiseamláir, is cuma saol cultúir, polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, pobail. Sin í an chéad ghlúin eile atá romhainn, ach ní tharlóidh sé gan teanga. Agus sin é an fáth go bhfuil bhur gcuid oibre, agus ár gcuid oibre, níos tábhachtaí anois ná mar a bhí riamh roimhe seo.

Go raibh maith agaibh.